**Leasú 242**
**Martin Häusling**
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

**Tuarascáil A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 47 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(47 b) Is é is aidhm do phrionsabal an réamhchúraim, a chumhdaítear in Airteagal 191 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, leibhéal níos airde cosanta a áirithiú don chomhshaol agus do shláinte na dtomhaltóirí, i gcomhthéacs bia agus do shláinte an duine, sláinte ainmhithe agus sláinte plandaí, trí chinntí coisctheacha a dhéanamh i gcás riosca. Ní mór an Rialachán seo a bheith i gcomhréir le prionsabal an réamhchúraim toisc go ndéanfar plandaí TGN a scaoileadh agus a shaothrú sa chomhshaol.*** |

Or. en

31.1.2024 A9-0014/243

**Leasú 243**
**Martin Häusling**
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

**Tuarascáil** **A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 47 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(47 c) Ba cheart ceanglais inrianaitheachta a bhunú le haghaidh bia agus beatha a tháirgtear ó TGNanna chun lipéadú cruinn na dtáirgí sin a éascú, i gcomhréir le ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 1829/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le bia agus beatha ghéinmhodhnaithe, chun a áirithiú go mbeidh faisnéis chruinn ar fáil d'oibreoirí agus do thomhaltóirí ionas go mbeidh siad in ann a saoirse rogha a fheidhmiú ar bhealach éifeachtach, chomh maith le rialú agus fíorú éileamh lipéadaithe a chumasú. Ba cheart na ceanglais maidir le bia agus beatha a tháirgtear ó TGNanna a bheith comhchosúil chun neamhleanúnachas faisnéise a sheachaint i gcásanna ina n-athraítear úsáid deiridh.*** |

Or. en

**Leasú 244**
**Christophe Clergeau**
thar ceann an Ghrúpa S&D
**Martin Häusling**
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE
**Anja Hazekamp**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 1 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| Leagtar rialacha sonracha síos leis an Rialachán seo maidir le plandaí a fhaightear le teicnící géanómaíocha nua áirithe ('***plandaí TGN***') a scaoileadh ar bhonn réamhbheartaithe sa chomhshaol chun aon chríche eile seachas ***lena gcur*** ar an margadh agus maidir le bia agus beatha a chur ar an margadh, ar bia agus beatha iad ina bhfuil, atá comhdhéanta de nó a tháirgtear as na plandaí sin, agus maidir le táirgí a chur ar an margadh, seachas bia nó beatha, ar táirgí iad ina bhfuil na plandaí sin nó atá comhdhéanta díobh. | Leagtar rialacha sonracha síos leis an Rialachán seo***, i gcomhréir le prionsabal an réamhchúraim,*** maidir le plandaí a fhaightear le teicnící géanómaíocha nua áirithe ('***plandaí TGN***') a scaoileadh ar bhonn réamhbheartaithe sa chomhshaol chun aon chríche eile seachas ***plandaí curaíochta bliantúla a chur*** ar an margadh agus maidir le bia agus beatha a chur ar an margadh, ar bia agus beatha iad ina bhfuil, atá comhdhéanta de nó a tháirgtear as na plandaí sin, agus maidir le táirgí a chur ar an margadh, seachas bia nó beatha, ar táirgí iad ina bhfuil na plandaí sin nó atá comhdhéanta díobh***, agus ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus do shláinte ainmhithe agus don chomhshaol á áirithiú ag an am céanna***. |

Or. en

**Leasú 245**
**Christophe Clergeau**
thar ceann an Ghrúpa S&D
**Martin Häusling**
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE
**Anja Hazekamp**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) plandaí TGN; | (1) Plandaí TGN ***a bheith in úsáid mar bharra curaíochta bliantúla***; |

Or. en

31.1.2024 A9-0014/246

**Leasú 246**
**Martin Häusling**
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

**Tuarascáil A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4 a) Ní thagann plandaí fiáine, crainn agus algaí faoi raon feidhme an Rialacháin seo.*** |

Or. en

**Leasú 247**
**Christophe Clergeau**
thar ceann an Ghrúpa S&D
**Martin Häusling**
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE
**Anja Hazekamp**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) ciallaíonn 'linn géinte ***na bpóraitheoirí***' an fhaisnéis ghéiniteach iomlán a bhíonn ar fáil i speiceas amháin agus i speicis thacsanomaíocha eile lenar féidir é a chrosphórú, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as teicnící ardfhorbartha amhail tarrtháil suthanna***,*** polaplóideacht ionduchtaithe ***agus crosphóruithe eachtarshuímh***; | (6) ciallaíonn 'linn géinte ***chun críoch gnáthphórúcháin***' an fhaisnéis ghéiniteach iomlán a bhíonn ar fáil i speiceas amháin agus i speicis thacsanomaíocha eile lenar féidir é a chrosphórú, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as teicnící ardfhorbartha amhail tarrtháil suthanna ***agus*** polaplóideacht ionduchtaithe***. Ní bheidh trasghéinte mar chuid de linn géine an phlanda***; |

Or. en

**Leasú 248**
**Christophe Clergeau**
thar ceann an Ghrúpa S&D
**Martin Häusling**
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE
**Anja Hazekamp**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 15 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15 a) ciallaíonn 'an prionsabal gurb é údar an truaillithe a íocfaidh as' prionsabal ar dá réir ba cheart do thruaillithe costais a dtruaillithe nó a ndamáiste don chomhshaol a sheasamh, lena n-áirítear costas na mbeart a dhéantar chun truailliú a chosc, a rialú agus a leigheas, chomh maith leis na costais a chuireann na truaillitheoirí ar an tsochaí.*** |

Or. en

**Leasú 249**
**Christophe Clergeau**
thar ceann an Ghrúpa S&D
**Martin Häusling**
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE
**Anja Hazekamp**
thar ceann an Ghrúpa The Left

**Tuarascáil** **A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 15 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15 b) ciallaíonn 'freagracht leathnaithe táirgeora'nó 'EPR' cur chuige beartais comhshaoil ina ndéantar freagracht táirgeora, idir fhreagracht fhisiceach agus fhreagracht airgeadais, i leith táirge a leathnú chuig an gcéim iarthomhaltais de shaolré táirge.*** |

Or. en

**Leasú 250**
**Christophe Clergeau**
thar ceann an Ghrúpa S&D
**Martin Häusling**
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

**Tuarascáil** **A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 15 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15 c) Ciallaíonn 'RNA nó próitéin shimireach' RNA nua nó próitéin nua nárbh ann di roimhe sin.*** |

Or. en

**Leasú 251**
**Christophe Clergeau**
thar ceann an Ghrúpa S&D
**Martin Häusling**
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

**Tuarascáil** **A9-0014/2024**
**Jessica Polfjärd**
Plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a mbia agus a mbeatha
(COM(2023)0411 – C9-0238/2023 – 2023/0226(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 15 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15 d) Ciallaíonn 'RNA núíosach nó próitéin núíosach' RNA nó próitéin nach ann di laistigh den linn géine chun críoch gnáthphórúcháin.*** |

Or. en